

Plean Oibre 2022



**Glór
na nGael**

Plean Oibre 2022

Glór na nGael

Réamhrá

Táimid dóchasach, i nGlór na nGael, go mbeidh ar ár gcumas an plean oibre seo a leanas a chur i gcrích agus tuilleadh leis. Dár ndóigh, braithfidh an oiread sin le linn 2022 ar dhul chun cinn an víris Covid 19, mar a bhí i 2020 agus 2021. É sin ráite, tá Bord Stiúrtha na heagraíochta, sásta gur bhain an eagraíocht níos mó amach, thar mar a bhí geallta, le linn tréimhse na paindéime, go dáta.

Tá Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus Teanga Tí ag forbairt go leanúnach, mar atá scéimeanna eile na heagraíochta, ina measc, Céimeanna, an Comórtas Pobal, Comórtas Cumainn Ghaelach Tríú Leibhéil, Bláthú, SiopaÚdar. ie agus eile.

Le linn 2022, leagfar béim faoi leith ar an scéim nua don lucht gnó, GRADAIM. Ag tús na bliana nua oibre, tá níos mó ná trí scór coiste pobal tar éis spéis a léiriú i bhforbairt na scéime GRADAIM ina bpobal féin.

Beidh obair faoi leith ag baint le dáileadh deontas, ar luach £1.4m, ar choistí pobal Thuaisceart Éireann. Cuireadh an maoiniú seo ar fáil do Ghlór na nGael ón Roinn Pobail ag deireadh 2021 agus é le bheith caite roimh 31 Márta 2022. Beidh na deontais seo á roinnt ar choistí gurb é a bpríomh ghnó ná cur chun cinn na Gaeilge, atá ag feidhmiú ó thuaidh agus atá in ann a chruthú go mbeidh cailteanas airgid acu, de bharr Covid, ag deireadh na bliana airgeadais 31/03/2022.

Guímid gach rath ar gach coiste atá ar tí tús a chur le tréimhse nua den scéim SFLG, atá maoinithe ag Foras na Gaeilge. Táimid ag súil le bheith ag comhoibriú leo le linn thréimhse iomláin na scéime. Dár ndóigh, tá foireann iomlán Ghlór na nGael ar fáil do na coistí agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin phraiticiúla agus eile a bheidh rompu le linn 2022.

Beimid ar fáil do phobail atá ar tí glacadh le stádas nua teanga, ina measc, Limistéir Pleanála Teanga, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge. Is eagraíocht uileÉireann, Gaeltacht/iarGhaeltacht agus trasphobal í Glór na nGael atá ar fáil do ghrúpa ar bith ar mian leis an Ghaeilge a chur chun cinn ina phobal féin.

Is é bunchloch na pleanála teanga ná an réimse oibre a bhaineann le ‘aistriú na Gaeilge ó ghlúin go glúin’ nó ‘clann a thógáil le Gaeilge’. Cé go mbronntar deontais mhóra, go bliantúil, ar Ghlór na nGael ó Fhoras na Gaeilge agus ó Roinn na Gaeltachta, níl dóthain ar fáil iontu don réimse oibre thábhachtach seo. Beidh sé mar spiroc le linn 2022 cur leis an méid maoinithe atá le caitheamh ar theaghligh atá ag tabhairt faoina gclanna a thógáil le Gaeilge.

Is í foireann Ghlór na nGael, an córas timireachta agus na tionscadail eile a fheidhmítear, inneal na heagraíochta, agus gabhaim gach buíochas leis na fostaithe as a ndíograis, a dtiomántais agus a ndílseacht don teanga.



Lorcán Mac Gabhann
Ceannasaí
Eanáir 2022



Clár Gnímh 2022

An Teaghlach



Is é an rannóg Teanga Tí a bheidh freagrach ar fhorbairt líonraí de theaghlaigh Ghaeilge.

SPRIOCANNA TEANGA TÍ

Tabharfar tacaíocht do 60 líonra nó grúpaí gníomhacha Teanga Tí, ach go háirithe i gceantair SLFG, LPT, BSG agus LG le linn na bliana. Beifear ag súil go mbeidh ar an mheán 10 dteaghlach páirteach i ngach grúpa Teanga Tí, rud a chiallóidh go mbeidh íosmhéid de 600 páirteach sa ghréasán náisiúnta seo.

Beidh www.teangati.ie ina thairseach eolais do ghrúpaí Teanga Tí, áit a mbeidh teacht ar fhíseáin oiliúna, áiseanna agus eile.

Gníomhaíochtaí

- Beidh 60 grúpa gníomhach faoi dheireadh 2022.
- Beidh 12 de na líonraí ina ngrúpaí Teanga Tí i gclubanna an CLG
- Eagróimid 150 imeachtaí poiblí do ghrúpaí teaghlaigh ionas go gcuirfidh na teaghlaigh aithne ar a chéile agus go gcruthófar líonraí. Forbróimid www.teangati.ie mar áis chuimsitheach thacaíochta ina bheidh fáil ar chomhairle, ar acmhainní agus ar eolas faoi imeachtaí Ghlór na nGael. Cuirfear áiseanna leictreonacha, spraoi agus oideachasúla (nó nascanna chucu) ar fáil do na teaghlaigh tríd an suíomh.
- Foilseoimid agus roinnfimid 26 nuachtlitir ar 1,500 theaghlaigh faoi dheireadh 2022.
- Forbróimid an scéim “Gaisce Ghlór” i gcomhar le 8 líonraí. Is scéim spriocdhírthe do theaghlaigh í Gaisce Ghlór. Bronntar cairt ar gach teaghlach le 30 dushlán air ó thaobh labhairt na Gaeilge de mar theaghlach. Nuair a bhaineann siad na spriocanna amach gheobhaidh na páistí teastas beag le ceiliúradh a dhéanamh ar an iarracht a rinne siad.

Ócáidí Móra Teanga Tí

SPRIOCANNA IMEACHTAÍ

Ag braith ar Covid-19 sa phobal agus srianta a eascróidh as, déanfar luathphleanáil do mhór-ócáidí na bliana ar mhaithe le gréasánú idir theaghlaigh a chothú.

Gníomhaíochtaí – Plean A (Gan Covid-19)

- Eagróimid 150 imeacht áitiúil poiblí (idir ar líne agus fisiciúil) i rith na bliana.
- Eagróimidr Deireadh Seachtaine Náisiúnta na dTeaghlach i gContae na Mí, i mBealtaine 2022, agus beidh 20 teaghlach ag freastal air.
- Eagróimid seachtain Saoire sa Ghaeltacht do 20 teaghlach le linn Lúnasa 2022.
- Beidh ócáid dheireadh seachtaine, le linn mí Meán Fómhair, ag a mbeidh rang saibhriú teanga mar chuid de do na tuismitheoirí.

Gníomhaíochtaí – Plean B (Covid 19 fós thart)

Eagróimid 150 imeacht go deireadh na bliana dírithe ar shainspéiseanna na dteaghlach. Ina measc beidh:

- 46 seisiún do dhá ghrúpa súgartha ar líne
- 50 seisiún siamsaíochta teaghlaigh (cluichí bunúsacha, ina measc biongó agus trath na gceist) trí Zoom
- 6 ceardlann ceardaíochta/ealaíona ar bhonn séasúrach.

Obair Fheasachta Teaghlaigh

SPRIOCANNA FEASACHTA

Taobh ar thaobh leis na seirbhísí thuasluaite do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, bíonn obair fheasachta idir lámhe ag an rannóg Theanga Tí. Bíonn dhá leibhéal den obair seo:

- Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil;
- anúineacha óga a spreagadh chun an Ghaeilge a roghnú mar theanga clainne
- Beidh www.teangati.ie ina thairseach eolais do ghrúpaí Teanga Tí ar a mbeidh físeáin oiliúna, áiseanna agus eile ar fáil.

Gníomhaíochtaí

- Eagróimid dhá fhóram do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge le riachtanais na dteaghlach a chíoradh.
- Craolfar 4 phodchraoladh mar chuid d'fheachtas feasachta i mí Eanáir:
 - i. 'Conas líonra teaghlaigh a bhunú'
 - ii. Podchraoladh do gach mórchanúint ar théarmaí agus nathanna cainte a bheadh úsáideach do thuismitheoirí
- Craolfar 4 cheardlann ar líne dírithe ar theaghlaigh le leanaí óga ar
 - i. 'Céadfaí an Linbh'
 - ii. 'Suathaireacht agus Cothú an Linbh'
 - iii. 'Ióga do Leanaí'
 - iv. 'Bogadh le Ceol'
- Forbróimid agus foilseoimid acmhainní agus 5 áis nua ar www.teangati.ie do ghrúpaí súgartha dírithe ar na téamaí 'Dathanna' agus 'Bia Sláintiúil'.
- Foilseoimid taighde ar líon agus lonnaíochtaí na dteaghlach lán Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- Leanfaimid leis an scéim mheantóireachta, Cara Teanga Tí, ionas go mbeidh fáil ag thuismitheoirí ar chomhairle rialta ó thuismitheoirí eile. Beidh 20 seisiúin meantóireachta ann.
- Fiosróimid faoi bunachar sonraí d'fheighlithe linbh a bhfuil ar a gcumas seirbhís as Gaeilge a sholáthar a chur ar fáil
- Beidh 1,500 teaghlach cláraithe ar bhunachar na heagraíochta faoi dheireadh 2022. Foilseoimid agus roinnfimid 26 nuachtlitir ar na teaghlaigh seo faoi dheireadh 2022.
- Socróimid dhá chruinniú stocaireachta, ceann leis na húdarais ó dheas agus ceann leis na húdarais ó thuaidh, le riachtanais theaghlaigh lánGhaeilge a phlé.



TAIGHDE MARGAIDH AGUS PLEANÁIL GNÓ

- Taighde a dhéanamh ar iompar na gcustaiméirí agus ar phatrúin ceannacháin
- Custaiméirí a aithint
- Próifíl na gcustaiméirí a scríobh
- Taighde ar ár n-iomaitheoirí
- Suirbhé
- Plean gnó a scríobh

SUÍOMH www.siopaudar.ie

Déanfaimid forbairt ar an suíomh le linn na bliana d'fhonn é a dhéanamh níos cairdiúla don úsáideoir. Cuirfimid leis ar na bealaí seo:

- Rannóg 'sladmhargadh'
- Rannóg 'mórdhíol'
- Blag a chur in airde ann gach mí
- Cur leis an stoc leabhar atá le fáil ar an suíomh, leabhair ar an dátheangachas/tógail clainne le Gaeilge san áireamh
- Modh le haiseolas a thabhairt a chur i bhfeidhm

MARGAÍOCHT AGUS DÍOLACHÁN

Cuirfimid straitéis margaíochta i bhfeidhm le branda Siopa Údar a fhorbairt. Forbróimid Siopa Údar mar siopa Gaeilge aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuirfimid lenár gcustaiméirí ó phobal na Gaeilge agus ó phobal an Bhéarla agus ardóimid an leibhéal díolachán 10% ar 2021.

Tabharfaimid faoi na gníomhaíochtaí margaíochta seo le daoine a thiomáint ar ais i dtreo an tsuímh:

- Ullmhóimid plean do na meáin shóisialta gach mí
- Cuirfimid postáil ar Instagram/Facebook 4-7 uair in aghaidh na seachtaine, ag tabhairt aird ar leith ar fhíseáin agus ar scéalta
- Cruthóimid ábhar do na meáin shóisialta
- Eagróimid comórtas uair sa ráithe ar na meáin shóisialta
- Cuirfimid 20% leis an bhunachar teagmhála (scoileanna, mórdhíoltóirí agus daoine aonair) ó 562 in Eanáir 2022 go 1000 in Eanáir 2023
- Foilseoid R-phost margaíochta uair sa mhí
- Forbróimid pacastíú brandáilte
- Déanfaimid forbairt ar scéim miondíoltóirí agus tionchairí
- Cuirfimid earraí Shiopa Údar in airde ar ardáin eile m.sh. Shuppy, Etsy
- Freastalóimid ar 6 x sheó ceardaíochta agus Aonaigh Nollag m.sh. RDS, comhdháil na Gaelscolaíochta
- Freastalóimid ar 1 x seó tradála
- Eagróimid 2 x pop up siopa
- Margaíocht clóite -foilseoidimid catalóg uair sa ráithe, fógraí nuachtáin agus eile de reir mar is cuí

FORBAIRT TÁIRGÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

- Cuirfimid 3 x tháirge nua ar an mhargadh i mbliana
- Beidh Seirbhís Daidí na Nollag arís i 2022
- Scríobhfaimid plean táirgí agus seirbhísí 5 bliana bunaithe ar thorthaí an taighde margaidh

EILE

- Déanfaimid eolas ar dhíolachán a thaifead go lárnach agus a thuairisciú gach mí
- Déanfaimid stocáireamh agus cuirfimid liosta nua stoc le chéile

Cumarsáid, Riarachán agus Pearsanra

PEARSANRA

- Eagróimid feachtais earcaíochta de reir mar a thagann siad aníos
- Fiosróimid LinkedIn gairmiúil agus cuirfimid é ar bun má tá sé oiriúnach
- Beidh 4 x cheardlann traenála foirne ar uirlísí cumarsáide m.sh. Canva/Kahoot
- Déanfaimid polasaithe agus lámhleabhar foirne a uasdátú faoi dhó sa bhliain
- Beidh breithmheas feidhmíochta i lár agus deireadh na bliana
- Cuirfimid fáilte roimh 2 x thréimhse thaithí oibre do mhic léinn ollscoile agus dara leibhéal
- Déanfaimid conarthaí fostaíochta a uasdátú agus a chaighdeánú le tacaíocht ó shaineolaí AD

SALESFORCE

- Beidh 5 cheardlann oiliúna foirne, do bhaill foirne nua agus do bhaill foirne reatha.
- Freastalóimid ar riachtanais na mbainisteoir maidir le tuairisciú agus dashboards a chruthú

CUMARSÁID AGUS RIARACHÁN INMHEÁNACH

- Cruthóimid comhad riarachán don fhoireann ar an tiomantán
- Bunóimid córas le trealamh a stóráil agus a thaifead
- Déanfaimid córas costais as póca a fhorbairt
- Forbróimid córas chaiteachais a thaifead ag úsáid Salesforce más féidir
- Beidh córas stocáireamh againn
- Eagróimid 1 x ceardlann ar thábhacht Chaidreamh Poiblí don fhoireann

CUMARSÁID SHEACHTRACH – PÓIBLÍOCHT AGUS ARDÚ FEASACHTA

- Aontóimid stráitéis chumarsáide agus plean cumarsáide na bliana le gach rannóg, aithneoidimid rólanna na foirne cumarsáide mar chuid de
- Cuirfimid an stráitéis chumarsáide i bhfeidhm i gcomhar leis na rannóga
- Aontóimid féilire feachtais chumarsáide leis na rannóga eagsúla
- Riarfaimid córas profála agus eagarthóireachta
- Cuirfimid bunachar na meán/polaiteoirí áitiúla le chéile, Gaeilge agus Béarla ar bhonn contae
- Cuirfimid bunachair teagmhála a le chéile de reir cúramaí oibre - coistí/clubanna/gnónna srl.
- Aithneoidimid deiseanna póiblíochta m.sh. ráidió, fógraíocht, teilifís srl.
- Coimeádfaimid taifead d'aon chlúdach sna meáin agus roinnfimid é ar ár n-ardáin féin
- Déanfaimid taighde margaidh ar cé hiad ár gcustaiméirí agus céard atá siad ag lorg
- Déanfaimid tuairisciú ar staitisticí mar a bhaineann siad le cumarsáid ag cruinnithe an Bhoird Stiúrtha
- Cothóimid gaol le staisiún raidió pobail agus tráchtála leis na cainteanna a chraoladh orthu, gheobhaimid agallaimh ar obair Ghlor na nGael agus maoiniú

TIONSCADAIL CHUMARSÁIDE ATÁ BEARTAITHE CHEANA DO 2022 – DÁTAÍ LE CINNTIÚ

Cuirfimid leis an liosta seo le linn na bliana ach faoi láthair is iad seo na feachtais atá beartaithe:

- Beocháin/físeáin ar cén fáth ar cheart clárú le Glór na nGael
- Cainteanna x 24- le craoladh ar na ráidíonna pobail agus le bheith curtha ar fáil mar phodchraoltaí agus mar fhíschraoltaí
- Léarscáil a ullmhú ar áit a bhfuil na coistí/clubanna/líonraí do na suíomhanna

FORBAIRT POBAIL

SCÉIM FORBARTHA LÍONRAÍ GAEILGE

- Go bhfeidhmí Glór na nGael de réir pé ról a aontófar le Foras na Gaeilge
- Go bhfeidhmí Glór na nGael mar éascaitheoir ar fhóram SFLG
- Go bhfeidhmí Glór na nGael mar bhealach cumarsáide idir ghrúpaí SFLG agus Foras na Gaeilge ar mhórchesteanna na scéime agus le linn tréimhse na scéime.

Gníomhaíochtaí :

- Eagróimid 4 chruinniú den fhóram SFLG le linn 2022
- Eagróimid 2 sheisiún oiliúna den fhóram SFLG le linn 2022
- Beidh 2 chruinniú aiseolais ag Glór na nGael le Foras na Gaeilge le linn 2022

BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA (BSG)

- Go raibh ról lárnach ag Glór na nGael i bhforbairt bailte atá agus a bheidh aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta
- Go bhfeidhmí Glór na nGael mar éascaitheoir ar fhóram do na grúpaí BSG
- Go bhfeidhmí Glór na nGael mar bhealach cumarsáide idir grúpaí BSG agus Foras na Gaeilge ar mhórchesteanna na scéime agus le linn tréimhse na scéime

Gníomhaíochtaí :

- Eagróidh Glór na nGael 4 chruinniú den fhóram BSG le linn 2022.
- Eagróimid 2 sheisiún oiliúna don fhóram BSG le linn 2022.
- Beidh 2 cruinniú aiseolais ag Glór na nGael le Foras na Gaeilge le linn 2022.

LÍONRAÍ GAEILGE (LG)

- Déanfar ról cinnte a aontú do Ghlór na nGael le Foras na Gaeilge maidir le forbairt Líonraí Gaeilge úra agus próiseas ábhartha leis na grúpaí úra Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.
- Beidh Glór na nGael ag comhoibriú leis na Líonraí Gaeilge ar mhórchéiteanna na pleanála teanga agus iad a mhealladh le páirt gníomhach a ghlacadh i scéimeanna ar nós Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, Teanga Tí, Comórtas Náisiúnta Ghlór na nGael, GRADAIM .

Gníomhaíochtaí :

- Beidh 3 x chuairt / ghníomh timireachta ag foireann Ghlór na nGael le gach LG le linn 2022.
- Beidh 2 x chruinniú eolais ag Glór na nGael le Foras na Gaeilge ar thodhchaí na LG le linn 2022.

LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA (LPT)

- Beidh Glór na nGael ag comhoibriú leis na Limistéir Pleanála Teanga chun iad a mhealladh le páirt gníomhach a ghlacadh i scéimeanna ar nós Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, Teanga Tí, Comórtas Náisiúnta Ghlór na nGael, GRADAIM. Tá sprioc de 75%, nó fiche Limistéar Pleanála Teanga a bheith rannpháirteach linn.

Gníomhaíochtaí :

- Déanfaimid cruinniú a ghairm le hÚdarás na Gaeltachta maidir le buntáistí na scéimeanna thuasluaite.
- Eagróidh Glór na nGael 2 x chruinniú le fóraim áitiúla LPT maidir le buntáistí scéimeanna na heagraíochta, ag brath ar shrianta .
- Déanfaimid timireacht leanúnach le coistí pobail atá páirteach i gcomórtas Ghlór na nGael i gceantar LPT.
- Cláróimid clubanna CLG sna gceantair LPT le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, ionas go mbeidh na clubanna ag gníomhú ar dhul chun cinn na teanga agus na hOifig Pleanála Teanga mar chrann taca acu, agus iad ag lú isteach leis na bearta sa plean teanga. Tá sprioc againn go mbeidh 75%, nó fiche Limistéar Pleanála Teanga rannpháirteach linn.

CÉIMEANNA

- Cuirfimid an scéim Céimeanna (<https://www.glornangael.ie/pobal/ceimeanna/>) ar fáil do choistí nach bhfuil aon aitheantas acu faoi na teidil thuas.
- Forbróimid na coistí seo tríd Céimeanna ionas go mbeidh siad cumasach agus sásta cur isteach ar cheann de na scéimeanna maoinithe Stáit.

Gníomhaíochtaí :

- Cláróimid 10 gcoiste nua le Céimeanna le linn 2022 agus cuirfimid iad ag gníomhú de réir clár forbartha agus gníomhaíochtaí na scéime.

COISTÍ A CHLÁRÚ LE GLÓR NA NGAEL

- Cláróimid coistí pobail le Glór na nGael ionas go mbeidh siad i dteideal leas a bhaint as réimse sheirbhísí Ghlor na nGael.
- Meallfaimid an oiread coiste agus is féidir le páirt a ghlacadh i gComórtas Ghlor na nGael.

Gníomhaíochtaí :

- Cláróimid 80 coiste le Glór na nGael, agus bainfidh siad leas as seirbhísí na heagraíochta.
- Cinnteoidimid duaischiste de €54,000+ chun dáileadh ar rannpháirtithe an chomórtais.
- Eagróimid ócáid bhronnta chun ceiliúradh a dhéanamh ar obair na gcoistí agus obair na heagraíochta trí chéile (ag braith ar shrianta Covid 19).
- Roinnfimid tuairiscí iarmholtóireachta ar ghach coiste a d'ímigh trí phróiseas moltóireachta i 2021.
- Déanfaimid 40 coiste pobail a réiteach do mholtóireacht chomórtais 2022, a bheidh ar siúl i mí Eanáir 2023

FONDÚIREACHT SHEOSAIMH MHC DHONNCHA (FSMD) :

SPRIOCANNA :

- Tá sé mar sprioc ag Glór na nGael, i gcomhar leis an gCLG, FSMD a láidriú agus a mhéadú ar bhonn 32 contae sa tréimhse romhainn. Go dáta tá 135 bonn cré-umha, 49 bonn airgid agus 13 bonn óir bhonnta ar chlubanna, agus tá sé mar sprioc againn an líon siad a ardú de réir a chéile
- Tá FSMD ag feidhmiú mar an scéim pobail Gaeilge is mó sa tír. Tá sé mar sprioc againn aird an phobail ar an scéim a ardú, agus fiúntas na scéime a chur cinn go forleathan.

Gníomhaíochtaí :

- Ardóimid líon na gclubanna atá cláraithe leis an Fhondúireacht go 200 club
- Déanfar €144,000 d'infheistíocht ar thionscadal Gaeilge sna clubanna trí scéim deontais na Fondúireachta
- Eagróimid Bliots Náisiúnta na Fondúireachta san Fhómhar. Eagrófar ceithre bhabhta réigiúnach chomh maith le babhta cheannais náisiúnta
- Eagróimid ócáid bhronnta boinn FSMD i bPáirc an Chrócaigh áit a bhronnfar boinn cré-umha, airgid agus óir ar chlubanna
- Déanfaimid 52 uasdátú ar aip FSMD le linn na bliana
- Cuirfimid tuairisc anailíse le chéile ar thionchar chaiteachas deontais FSMD le linn 2022
- Eagróimid feachtas poiblíochta i gcomhair leis na clubanna reatha FSMD le fiúntas na scéime a chur chun tosaigh

BLÁTHÚ :

SPRIOCANNA :

- D'éagraíomar BLÁTHÚ don chéad uair in 2021, mar scéim tacaíochta miondeontais do choistí pobail. Déanfaimid gach iarracht an scéim seo a fhorbairt amach anseo agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do choistí pobail atá cláraithe linn

Gníomhaíochtaí :

- Déanfar iarracht ciste de €30,000 a chinntiú do scéim miondeontais BLÁTHÚ agus é a chur ar fáil do choistí pobail atá cláraithe le Glór na nGael le linn 2022, ionas go mbeidh siad ábalta tograí a fhorbairt a bheidh chun leas a bpobal agus an teanga

TIMIREACHT :

SPRIOCANNA :

- Tá seirbhís timireachta Glór na nGael ar an acmhainn is luachmhaire a chuireann Glór na nGael ar fáil don phobal. Leanfaimid leis an timireacht in 2022 agus beidh sé mar sprioc againn go mbeidh suas le 850 gníomh timireachta curtha i gcrích faoi dheireadh 2022

Gníomhaíochtaí :

- Déanfaimid 300 x gníomh timireachta le coistí pobail le linn 2022
- Déanfaimid 550 x gníomh timireachta le clubanna de chuid Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le linn 2022

CUMARSÁID :

SPRIOCANNA :

- Feictear dúinn nach mbíonn pobal na Gaeilge i gcónaí eolach ar an obair uilig atá idir lámha ag an rannóg forbartha pobail nó ag an eagraíocht i gcoitinne. Tá sé mar sprioc againn aird a dhíriú ar sheirbhísí na rannóige i mbliana nuair atáimid i mbun fheachtais poiblíochta leanúnach

Gníomhaíochtaí :

- Aontóimid plean cumarsáide i gcomhair leis an rannóg cumarsáide agus beidh gach duine sa rannóg freagrach as é a chur i bhfeidhm

An Rannóg Fiontraíochta agus Gnó

GRADAIM Gnó na hÉireann

FEASACHT

- Clárú gnólachtaí: Go mbeidh os cionn 200 gnólacht cláraithe leis an scéim le haghaidh 2022.
- Comhoibriú le coistí pobail: Go gcuirfear 10 gcoiste pobail eile leis an 63 coiste atá cláraithe céanna chun GRADAIM a chur i bhfeidhm go háitiúil, ach go háirithe i gCúigí Mumhan agus Laighean.
- Déanfaimid speis a mhúscailt i measc na gcoistí pobail sa chomórtas 'Fiontraí Óg na Bliana'.
- Go mbeidh tuiscint níos fearr ag an phobal i gcoitinne ar aidhmeanna GRADAIM.
- Aimseoidimid brandapháirtí do GRADAIM.

Gníomhaíochtaí:

- Beidh 63 cruinniú leis na coistí pobail chun GRADAIM a phlé, ag cinntiú go bhfuil áit ann don scéim ar chláir oibre an ghrúpa agus chun a léiriú conas is féidir cuidiú le gnólachtaí.
- Déanfaimid cruinnithe a ghairm le coistí pobail nach bhfuil páirteach fós sa scéim.
- Tionólfaimid 6 x chruinniú poiblí go háitiúil chun gnólachtaí a earcú do GRADAIM.
- Foilseoidimid 4 x fhíseán le linn 2022 a léireoidh cás-staidéar ar ghnóanna, luachanna GRADAIM agus dea-íomhá den Ghaeilge sa ghnó.
- Beidh feachtas feasachta ar na meáin shóisialta faoi luachanna GRADAIM, faoin slí gur féidir clárú le GRADAIM agus ag taispeáint deashamplaí den Ghaeilge sa ghnó.
- Craolfaimid 4 x phodchraoladh faoi théamaí na scéime GRADAIM.
- Oibreoidimid i gcomhar le The Brand Fans chun brandapháirtí a aimsiú do GRADAIM.
- Foilseoidimid 3 x Nuachtlitir GRADAIM le linn na bliana.

COTHÚ

- Go mbeidh cuidiú agus comhairle curtha ar an 200 gnólacht agus plean simplí curtha le chéile acu chun dul chun cinn a dhéanamh faoi chritéir na scéime.
- Go mbeidh GRADAIM ina mhír seasta timireachta ag gach cruinniú le coistí pobail.
- Go mbeidh stór eolais, áiseanna agus acmhainní mar a bhaineann sé leis an Ghaeilge sa ghnó curtha ar fáil go lárnach do rannpháirtithe na scéime.

Gníomhíochtaí

- Mar atá thús: 63 cruinniú leis na coistí pobail chun GRADAIM a phlé, chun a chinntiú go bhfuil áit ann don scéim ar chlár oibre an ghrúpa agus chun a léiriú mar is féidir cuidiú le gnólachtaí.
- Go mbeidh GRADAIM ina mhír seasta timireachta ag gach cruinniú le coistí pobail.
- Forbróimid an suíomh idirlín www.gradaim.ie ionas go mbeidh sé ina stór eolais, áiseanna agus acmhainní.

AITHEANTAS

- Go ndéanfar moltóireacht ar 150 gnólacht
- Go mbronnfar gradam aitheantais ar bhreis agus 150 gnólacht
- Go mbronnfar 2 x ghradam ar Fiontraí Óg na Bliana

Gníomhaíochtaí:

- Eagróimid próiseas mholtóireachta le linn Samhraidh 2022
- Eagróimid mórócáid bhronnta GRADAIM san Fhómhar 2022
- Bronnfaimid 2 x gradam ar Fiontraí Óg na Bliana ag mórócáid bhronnta GRADAIM san Fhómhar 2022

Comórtas na gCumann Gaelach sna Coláistí 3ú Leibhéal

CLÁRÚ

- Go raibh 15 de chumainn cláraithe do chomórtas 2022/2023

Gníomhaíochtaí:

- Déanfaimid teagmháil dhíreach leis na cumainn féin agus trí Aontas na Mac Léinn

COTHÚ

- Go gcuirfear ábhair ar fáil do chumainn Ghaelacha a chuirfidh le nósanna an deachleachtais.

Gníomhaíochtaí:

- Foilseoidimid 4 x Phodchraoladh a bunaithe ar théamaí an chomórtais
- Déanfaimid 30 cuairt timireachta a leis na cumainn (15 x cuairt réamhfholtóireachta agus 15 x cuairt pleanála ag tús na bliana ollscoile)

AITHEANTAS

- Go raibh aitheantas tugtha d'obair na gcumann ag mórócáid bhronnta

Gníomhaíochtaí:

- Cinnteoidimid duaischiste €11,000 don chomórtas
- Déanfaimid moltóireacht bhliantíúil ar na cumainn go luath sa bhliain
- Bronnfaimid duaischiste de €11,000 a ag mórócáid bhronnta san Earrach

EILE

- Moladh forbartha a chur faoi bhraid Cheannasaí Ghlór na nGael le linn na bliana ar scéim nua do chumainn ghaelacha ar láthair 3ú leibhéal

Veain COGG

- Tairgí agus ábhair nua a chuidíonn agus a chuireann le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge a thaispeáint agus a mhíniú do mhúinteoirí scoile.

Gníomhaíochtaí:

- Beidh bainisteoir an veain i dteagmháil go rialta le COGG, foilsitheoirí agus forbróirí chun bheith cinnte go bhfuil na hábhair is úire sa bhailiúchán
- Tabharfaidh an veain cuairt ar suas le 160 scoil le linn na bliana chun an sprioc thuasluaite a bhaint amach
- Sa chás go gcuireann COVID 19 bac ar chuirteanna scoile, cuirfidh bainisteoir an veain agus an bainisteoir gnó agus fiontraíochta plean gearrthréimhseach le chéile ionas go mbainfear an sprioc thuasluaite amach ar bhealaí eile

Obair Abhcóideachta agus For-Rochtana

Sprioc

Caidreamh a thógáil le polaiteoirí agus le rannóga stáit thuaidh agus theas.

Gníomh

- Tionólfaimid 4 x chruinniú oifigiúil/cur i láthair le páirtithe polaitiúla
- Eagróimid 3 x cur i láthair chun eolas a roinnt le maoinitheoirí (Foras na Gaeilge, An Roinn Phobail ó thuaidh, Roinn na Gaeltachta ó dheas)
- Beimid ag freastal ar 4 x Ocaíd Cinn Bliana le heagrais eile (CnaG, Gaeloideachas, Foras Patrúnachta, Oireachtas na Gaeilge)

Sprioc

Oiliúint ar chur ar fáil don fhoireann le rialachas sabhailteachta agus sláinte a chomhlíonadh.

Gníomh

- Réimse cúrsaí oiliúna foirne a reachtáil
- Láimhseáil (20 Eanáir)
- Meon sábhailteachta a chothú - An Ráiteas Sabhailteachta a mhíniú don fhoireann (Aibreán)
- Garchabhair (Aibreán)
- Meoin sábhailteachta a chothú - sábhailteacht pearsanta (Fómhair)
- Iarratais ghairmiúla a scríobh
- Scileanna cur-i-láthair a fhorbairt
- Bainistiú ama
- Forbairt Phobail
- Pleanáil teanga

Spríoc

Deimhniú bliantúil go bhfuil an t-eagras ag cloí leis an Ráiteas Sábháilteachta.

Gníomh

- Eagróimid cuairteanna suímhe ar láthair oibre na mball foirne

Spríoc

Deachleachtas agus rialachas bheith mar ghnáthobair an eagrais.

Gníomh

- Rialachas carthanais bheith cothrom le dáta agus i bhfeidhm Spriocdháta - CCB 26-7-2022
- Ráiteas Sabháilteachta nua Spriocdháta Bord Stiúrtha 22 Márta
- Uasdátú ar pholasaithe bliantúla Spriocdháta - CCB 26-7-2022
- Rúnaíocht Cruinnithe Boird - leanúnach
- Rúnaíocht ar chruinithe an CII - leanúnach

Críoch



Glór na nGael



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Foras na Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscoláiochta



Crannchur
Náisiúnta